



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

Scrúdú na hArdteistiméireachta
Sampla 1
Laidin
Gnáthleibhéal
2 uair 30 nóiméad
300 marc

Scrúduimhir

----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------	----------------------

Dáta Breithe

		/			/		
----------------------	----------------------	---	----------------------	----------------------	---	----------------------	----------------------

Scríobh 3 Feabhra 2005
mar 03 02 05, mar shampla

Stampa an Ionaid

--

Ná scríobh ar an leathanach seo

Treoracha

Scríobh do scrúduimhir agus do dháta breithe sna boscaí ar an gclúdach tosaigh.

Scríobh do chuid freagraí i bpeann gorm nó dubh.

Níl cead agat peann luaidhe a úsáid, lena n-áirítear pionsail dathadóireachta, **ach amháin** le haghaidh líníochtaí nó léaráidí.

Scríobh do fhreagraí go léir sna spásanna atá ann dóibh sa leabhrán seo. Tá spás freagartha breise ag deireadh gach roinne, agus spás le haghaidh obair gharbh ag deireadh an leabhráin. Lipéadaigh aon obair bhreise dá leithéid go soiléir le huimhir na ceiste agus leis an gcuid den cheist.

Scanfar an leabhrán scrúdaithe seo agus cuirfear do chuid oibre i láthair an scrúdaitheora ar scáileán. Is féidir nach bhfeicfidh an scrúdaitheoir aon rud a scríobhfaidh tú taobh amuigh de limistéir na bhfreagraí.

Tá **dhá** roinn sa scrúdpháipéar seo.

Roinn A: Príomhthéacs

100 marc

- Freagair na ceisteanna atá ann.

Roinn B: Téacsanna Neamhfheicthe

200 marc

- Freagair na ceisteanna atá ann.

Tá na giorrúcháin thíos in úsáid sna gluaiseanna ar an scrúdpháipéar seo:

f. = firinscneach

b. = baininscneach

n. = neodrach

iol. = iolra

infin. = briathar infinideach

ainm. = tuiseal ainmneach

gairm. = tuiseal gairmeach

culp. = tuiseal culpóireach

gin. = tuiseal ginideach

tabh. = tuiseal tabharthach

ochs. = tuiseal ochslaíoch.

Roinn A	Príomhthéacs	100 marc
----------------	---------------------	-----------------

Freagair Ceist 1 agus Ceist 2.

Ceist 1

50 marc

Léigh Téacs A agus freagair **gach ceann** de na ceisteanna a leanas.
Tagann Téacs A ó thosach an *Aeinéid* le Veirgil.

Téacs A: an *Aeinéid*, Leabhar 1

Musa, mihi causas memora, quo numine laeso,
quidve dolens, regina deum tot volvere casus
insignem pietate virum, tot adire labores
impulerit. Tantaene animis caelestibus irae?

- (a) Sainaithin na carachtair a luaitear sna línte trí na hainmneacha thíos a mheaitseáil le gach focal Laidine i dTéacs A. Tá ceann amháin déanta mar shampla duit.

Aeinéas; Calliope (bé na filíochta eipiciúla); Iúnó; **Veirgil**

Focal Laidine i dTéacs A	Ainm
Musa	
mihi	Veirgil
regina	
virum	

- (b) Freagair **ceithre cinn** de na ráitis fíor **nó** bréagach thíos faoi na focail i dTéacs A. Cuir do fhreagra in iúl le tic (✓) a chur sa bhosca ceart.

	Fíor	Bréagach
(i) is briathar ordaitheach é <i>memora</i> .	☐	☐
(ii) is ainmfhocal firinsneach é <i>causas</i> .	☐	☐
(iii) is foirm den fhocal <i>deus</i> é <i>deum</i> .	☐	☐
(iv) ciallaíonn <i>tot</i> ‘an oiread sin’.	☐	☐
(v) is ainmfhocal uatha é <i>labores</i> .	☐	☐
(vi) ciallaíonn <i>irae</i> ‘sonas’.	☐	☐

- (c) Is gairm ar an mbé atá i dTéacs A, a léiríonn tionchar na filíochta eipiciúla ar an *Aeinéid* le Veirgil. Cén tionchar eile a bhí ag filíocht eipiciúil níos luaithe ar Veirgil, amhail an *Íliad* nó an *Odaisé* le Hóiméar?

- (d) Cuir Gaeilge ar an bhfrása thíos as Téacs A (línte 1-2). Tugtar na focail faoi chló trom sa ghluais thíos.

Musa, mihi causas memora, quo **numine laeso**,
quidve dolens...

laedo, -ere, laesi, laesum = gortaigh, goin, dochraigh, éignigh
numen, numinis (n.) = toil dé

- (e) Sainaithin foirm an bhriathair *adire* **agus** mínigh an fáth a bhfuil sé san fhoirm seo i líne 3.

Foirm:
Míniú:

- (f) An gceapann tú go bhfuil tús an *Aeinéid* ina bhealach maith chun an scéal a thosú? Tabhair cúis le do fhreagra.

Léigh Téacs B agus freagair na ceistanna a leanas.

I dTéacs B, insíonn Díodó d'Anna faoina mothúcháin faoi Aeineás agus cuimhníonn sí ar a mothúcháin faoi Sychaeus.

Téacs B: an *Aeinéid*, Leabhar 4

“Anna, fatebor enim, miseri post fata Sychaei

coniugis et sparsos fraterna caede Penates,

solus hic inflexit sensus, animumque labantem

impulit: adgnosco veteris vestigia flammae.

Sed mihi vel tellus optem prius ima dehiscat,

5

vel Pater omnipotens adigat me fulmine ad umbras,

pallentes umbras Erebi noctemque profundam,

ante, Pudor, quam te violo, aut tua iura resolvo.

Ille meos, primus qui me sibi iunxit, amores

abstulit; ille habeat secum servetque sepulchro.”

10

Sic effata sinum lacrimis implevit obortis.

(a) Tabhair brí Ghaeilge **cúig cinn ar bith** de na focail i dTéacs B.

focal Laidine 1:	brí i nGaeilge:
focal Laidine 2:	brí i nGaeilge:
focal Laidine 3:	brí i nGaeilge:
focal Laidine 4:	brí i nGaeilge:
focal Laidine 5:	brí i nGaeilge:

(b) Cad a fhoghlaimímid faoi Dhíodó ó Théacs B? Tig leat cuid de Théacs B a aistriú chun tacú le do fhreagra.

(c) Scríobh nóta faoi Anna **nó** Sychaeus agus cuir an t-eolas a leanas san áireamh:

- an gaol le Díodó
- an tábhacht a bhaineann leis sin sa scéal.

(d) Freagair ceann **amháin** de na ceisteanna a leanas.

(i) Pléigh **ceann amháin ar a laghad** de na coincheapa ársa Rómánacha seo a bhfuil líne fúthu i dTéacs B:

- *fatum; Penates; Pudor.*

I do fhreagra, mínigh cad a chiallaíonn an coincheap sin **agus** an fáth a bhfuil sé tábhachtach san *Aeinéid*.

NÓ

(ii) Pléigh téama an ghrá **nó** an bhróin san *Aeinéid* le Veirgil. Tabhair sampla **amháin ar a laghad** as Téacs B chun tacú le do fhreagra.

Spás Pleanála Roghnach:

Freagra ar Cheist 2 (d), cuid

Spás Breise Freagartha do Roinn A:

Ná scríobh ar an leathanach seo

Freagair Ceist 3, Ceist 4, agus Ceist 5.

Ceist 3

45 marc

Léiríonn na ceithre íomhá thíos radhairc ó Chogadh na Traí.



Graeci Troianos deceiverunt et in magno equo milites audaces celaverunt. Troiani equum in urbem ducunt. mox Graeci omnes in urbe interficient.

1.



Graecos interficere vult et exitium non fugit. senex fortis, nomine Priamus, tenens manu ferrum, aram relinquit et ad urbem currit.

2.



Graecos interficere vult sed fugere constituit. miles fortis, nomine Aeneas, manus tenet et cum patre et filio exitium Troiae spectat.

3.



Graeci in equo multas horas celati sunt, sed mox omnes Troianos in urbe interficient. nocte milites audaces de equo descendunt.

4.

- (a) Meaitseáil na haistriúcháin Ghaeilge leis an téacs Laidine i ngach íomhá trí uimhir na híomhá a scríobh in aice leis an aistriúchán Gaeilge ceart.

Íomhá Uimhir	Aistriúchán Gaeilge
	Bhí na Gréagaigh ceilte sa chapall ar feadh a lán uaireanta fada, ach sula i bhfad maróidh siad na Traígh go léir sa chathair. Dreapann saighdiúirí dána anuas ón gcapall san oíche.
	Chealg na Gréagaigh na Traígh agus cheil saighdiúirí dána i gcapall mór. Stiúrann na Traígh an capall isteach sa chathair. Is gearr go maróidh na Gréagaigh cách sa chathair.
	Is mian leis na Gréagaigh a mharú agus ní theitheadh sé ón scriosadh. Agus claíomh ina lámh aige, fágann seanfhear cróga darb ainm Priam an altóir agus ritheann sé chun na cathrach.
	Is mian leis na Gréagaigh a mharú ach cinneann sé teitheadh. Beireann saighdiúir láidir darb ainm Aineás ar a lámha agus féachann ar scriosadh na Traí lena athair agus a mhac.

(b) Freagair **ceann amháin** de na ceisteanna seo a leanas.

- (i) Cén fáth a bhfuilimid fós ag foghlaim faoi Aeinéas inniu, dar leat? Tabhair cúiseanna le do fhreagra.

NÓ

- (ii) Cén fáth a bhfuil clú chomh mór sin ar an scéal faoi Chogadh na Traí nó Capall Adhmaid na Traí, dar leat? I do fhreagra, tig leat tagairt dá shuntasacht do na Sean-Rómhánaigh **agus/nó** do dhaoine sa lá atá inniu ann.

Spás Pleanála Roghnach:

Freagra ar Cheist 3 (b), cuid

Léigh Téacs C agus freagair i nGaeilge **ocht gcinn ar bith** de na deich gceist seo a leanas. Baineann Téacs C leis na leannáin Pyramus agus Thisbe agus le conas a phleanálann siad bualadh le chéile faoi rún. Tugtar na focail faoi chló trom sa ghluais thíos.

Téacs C: bunaithe ar *Metamorphoses* le hÓivid

olim in terra **Babyloniae** iuvenis pulcherrimus habitabat, nomine **Pyramus**. **Thisbe**, puella **formosa**, in proxima villa habitabat. **Pyramus** hanc puellam vidit et statim amore captus est. **Thisbe Pyramum** quoque amavit. celeriter amor **crevit**. **Pyramus** puellam **in matrimonium ducere** volebat.

tamen patres et matres eorum matrimonium **vetuerunt**, sed amorem delere non poterant. 5
igitur iuvenis puellaque per **rimam** in muro **susurraverunt** et consilium ceperunt.
e domo exire et in silva sub **arboribus** convenire constituerunt. puella vultum celavit et e villa discessit. illa in silva iuvenem multas horas expectabat.

arbor, arboris (b.) = crann
Babylonia, -ae (b.) = an Bhablóinia
cresco, -ere, crevi, cretum = fás
formosus, -a, -um = álainn
in matrimonium ducere = pós

Pyramus, -i (f.) = Pyramus
rima, -ae (b.) = scoilt
susurro, -are, -avi, -atum = abair i gcogar
Thisbe, Thisbis (b.) = Thisbe
veto, -are, vetui, vetitum = a thoirmeasc

(a) Tabhair **dhá** ghiota eolais faoi Pyramus.

olim in terra **Babyloniae** iuvenis pulcherrimus habitabat, nomine **Pyramus**. (líne 1)

1.
2.

(b) Sainaithin tuiseal *villa* i líne 2 **agus** mínigh cén fáth a bhfuil sé sa tuiseal seo.

Thisbe, puella **formosa**, in proxima villa habitabat. (línte 1-2)

Tuiseal:
Míniú:

(c) Cad a tharla nuair a chonaic Pyramus Thisbe den chéad uair?

Pyramus hanc puellam vidit et statim amore captus est. (líne 2)

(d) De réir mar a mhéadaigh a ngrá, cad a theastaigh ó Pyramus a dhéanamh?

Pyramus puellam **in matrimonium ducere** volebat. (línte 3-4)

(e) Cén fhreagairt a rinne Pyramus agus Thisbe dá ngaol?

tamen patres et matres eorum matrimonium **vetuerunt**, sed amorem delere non poterant. (líne 5)

(f) Sa bhfrása seo, *iuvenis puellaque* (líne 6), cad is brí le *-que*? Cén bealach eile a bhféadfá an frása seo a scríobh sa Laidin?

Brí:
Bealach eile a bhféadfá an frása seo a scríobh sa Laidin:

(g) Cad a chiallaíonn an frása '*consilium ceperunt*'?

igitur iuvenis puellaque per **rimam** in muro **susurraverunt** et consilium ceperunt. (líne 6)

(h) Cá háit ar phleanáil Pyramus agus Thisbe bualadh le chéile?

e domo exire et in silva sub **arboribus** convenire constituerunt. (líne 7)

Leantar den cheist seo ar an gcéad leathanach eile.

(i) Breac síos na ceithre príomhranna Laidine den bhriathar *convenire* (líne 7).

(j) Cuir Gaeilge ar an abairt seo:
illa in silva iuvenem multas horas exspectabat. (líne 8)

Ceist 5

75 marc

Léigh Téacs D agus freagair na ceisteanna seo a leanas **go léir**. Baineann Téacs D le Artemisia agus Mausolus, banríon agus rí Caria. Bhí Caria ina cuid d'impireacht na Peirsia sular chloígh na Gréagaigh, agus ar deireadh, na Rómhánaigh é. D'éirigh an bhanríon Artemisia cáiliúil ar fud fad an domhain ársa as an gcaoi ar thug sí onóir dá fear céile marbh. Tugtar na focail faoi chló trom in ord aibítire sa ghluais thíos.

Téacs D: bunaithe ar *Oícheanta Aiticeacha* le Aulus Gellius

Mausolus erat, ut **Cicero** dixit, rex terrae **Cariae**. regina **Artemisia** erat uxor regis et virum **valde** amavit. postquam rex periit, regina diem noctemque lacrimabat. **Artemisia** maritum **funere** magno **honoravit**. **Artemesia**, **luctu** atque amore mariti **commota**, **sepulchrum maximum** aedificavit.

sepulchrum magnum erat et **Cicero** id inter septem omnium terrarum spectacula **numeravit**. ubi **sepulchrum dis manibus dedicatum est**, **Artemisia certamen** nuntiavit. in hoc **certamine**, regina 5
praemia pecuniae omnibus viris, qui maritum eius **optime** laudare poterant, promisit.

Artemisia, -ae (b.) = Artemisia
Caria, -ae (b.) = Caria
certamen, certaminis (n.) = comórtas, cluichí
Cicero, Ciceronis (f.) = Cicearó
commotus, -a, -um = tógtha, curtha amach
dedicatum est = 'a bhí tiomnaithe'
dis manibus = 'd'anamacha na marbh'
funus, funeris (n.) = sochraid

honoro, -are, -avi, -atum = onóir a thabhairt do
luctus, -us (f.) = léan, cumha
Mausolus, -i (f.) = Mausolus
maximus, -a, -um = an-mhór
numero, -are, -avi, -atum = comhair, áirigh
optime = an ceann is fearr, go han-mhaith
sepulchrum, -i (n.) = tuamba
valde = go mór

(a) Tabhair breac-chuntas i d'fhocail féin ar an eolas i mír 1 **agus** i mír 2 de Théacs D.

Mír 1:
Mír 2:

(b) Cén fáth, dar leat, ar scríobh údair Sean-Rómhánacha faoin scéal seo? Mínigh do fhreagra.

(c) Tagann an focal Gaeilge 'másailéam' ó thuama Mausolus. Scríobh síos **trí** fhocal Gaeilge a thagann ó fhocail Laidine **ar bith** ar a ndearna tú staidéar.

1:
2:
3:

Spás Breise Freagartha le haghaidh Roinn B:

Admhálacha

Íomhánna

Lch. 11

Agrimbau, D. (2018). *The Aeneid: A Graphic Novel*. Capstone Press.

Ná scríobh ar an leathanach seo

Fógra cóipchirt

D'fhéadfadh sé go bhfuil téacsanna nó íomhánna sa scrúdpháipéar seo nach é Coimisiún na Scrúduithe Stáit úinéir an chóipchirt orthu, agus d'fhéadfadh sé gur athchóiríodh iad, chun críoch an mheasúnaithe, gan cead na n-údar a fháil roimh ré. Ullmhaíodh an scrúdpháipéar seo de réir alt 53(5) den Acht Cóipchirt agus Ceart Gaolmhar, 2000. Ní údaraítear aon úsáid dá éis chun aon chríche ach amháin chun na críche a bhfuil sé beartaithe chuici. Ní ghlacann an Coimisiún aon dliteanas as sárú ar bith ar chearta tríú páirtí a eascraíonn as dáileadh nó úsáid neamhúdaraíthe an scrúdpháipéir seo.

Scrúdú na hArdteistiméireachta – Gnáthleibhéal

Laidin

Sampla 1

2 uair 30 nóiméad